My Open Library | comhairle chontae na mí meath county council | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail Department of Rural and Community Development

LEABHARLANN:

☐ New Member
☐ 16 nó 17 mbliana d'aois

# Foirm Iarratais Mo Leabharlann Oscailte

**Comhlánaigh an fhoirm iarratais thíos le do thoil agus léigh na téarmaí & coinníollacha.**

## Le síniú i láthair ball foirne.

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Uimhir Chárta Leabharlainne:** | |
| **Tá an Chuid Thíos le líonadh amach ag Tuismitheoir/Caomhnóir do bhaill atá 16 nó 17 mbliana d'aois** | |
| **Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra:** | |
| **Uimhir Fóin an Tuismitheora/Chaomhnóra:** | |
| **Seoladh Ríomhphoist an Tuismitheroa/Chaomhnóra:** | |

Tríd an bhfoirm seo a shíniú, tá tú ag dearbhú gur thuig tú go soiléir na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le stádas ballraíochta ***Mo Leabharlann Oscailte*** atá leagtha amach lastall.

Aontaím (Aontaímid), an sínitheoir/na sínitheoirí thíos, leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thuas:

**Ball:** ___________________________________ **Tuismitheoir/Caomhnóir** ___________________________________

**Síniú (le síniú i láthair ball foirne)**

Dáta__________________ Síniú Foirne: ___________________________________________________________

---

Tabhair cuairt le do thoil ar ár bhFógraí Príobháideachta um Chosaint Sonraí do Sheirbhís Leabharlainne na Mí: www.meath.ie/council/your-council/your-data-and-access-to-information/data-protection/privacy-notices/data-protection-privacy-notices-library-department

---

**LE HAGHAIDH ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN**

☐ Os cionn 16
☐ Aitheantas Fótagrafach
☐ Pacáiste Eolais
☐ Cárta lánmhéide
☐ Scáileán Eolais

☐ Leithris
☐ Bealaí Amach
☐ Féinseirbhís
☐ Rochtain ar threalamh TFC
☐ Idirlíon Ceadaithe

☐ Seiceáil Chuntais
☐ Seiceáil UAP
☐ Nasc an cuntas don tuismitheoir agus leanbh
☐ Limistéir nach bhfuil ar fáil le linn Mo Leabharlann Oscailte

☐ **Ceadaithe** ☐ **Nuashonraigh eolas cuntais.** ☐ **Aitheantas fótagrafach tuismitheora / caomhnóra curtha ar fáil (do dhaoine atá 16 & 17 mbliana d'aois amháin)**

**Téarmaí agus Coinníollacha**

Is seirbhís í Mo Leabharlann Oscailte a éascaíonn úsáid na leabharlainne lasmuigh de thréimhsí faoi mahoirseacht foirne. Tabhair faoi deara nach bhfuil aon bhall foirne i láthair lena linn. Ba cheart aon cheist a thagann chun cinn le linn tréimhse Mo Leabharlann Oscailte a thaifeadadh ar bhffoirm tuairimí/aiseolais atá ar fáil ag bealach isteach tosaigh na leabharlainne nó á seoltadh trí rPhost chuig an leabharlann lena baineann. Maidir le haon saincheist a bhaineann le slándáil, féach ar hmír 15 thíos. Déantar monatóireacht TFCI ar an áitreabh ar bhonn 24/7.

**Téarmaí agus Coinníollacha Mo Leabharlann Oscailte:**

1. Ní mór gach comhaltaí a bheith 16 bliana d'aois nó níos sine le bheith ina 'Bhall Mo Leabharlann Oscailte'. Ní mór do gach ball in aois 16 agus 17 bliain d'aois cead tuismitheora a fháil sula nglacfar mar 'Bhall *Mo Leabharlann Oscailte*' é.

2. Ní mór ballraíocht cothrom le dáta a bheith ag gach ball nglacfar mar 'Bhall *Mo Leabharlann Oscailte*' é.

3. Ní mór gach ball a bheith ar an eolas faoi leagan amach agus faoi oibríochtaí na leabharlainne agus í ag feidhmiú mar '*Mo Leabharlann Oscailte*' gan foireann. Cuirtear a leithéid faisnéise ar fáil do gach ball san ionduchtú gairid a thugann foireann na leabharlainne mar chuid de phróiseas iontrála *Mo Leabharlann Oscailte*. Léigh, le do thoil, an Measúnú Riosca atá ceangailte leis seo, a tugann eolas thábhachtach faoi Sláinte agus Sábháilteacht agus tú ag baint leasa as an tSeirbhís Mo Leabharlann Oscailte

4. Is féidir le gach baill na seirbhíse *Mo Leabharlann Oscailte* a úsáid nuair atá sí ar fáil i mbrainsí eile de Chontae na Mí ach ní mór dó freastal ar ionduchtú ar leith le haghaidh gach ceann de na brainsí *Mo Leabharlann Oscailte* ar mian leis rochtain a fháil air.

5. Níl cead ag aon bhall a chárta leabharlainne agus a UAP a choinneáil i dteannta a chéile. Má chailltear nó má ghoidtear cárta leabharlainne, cuir a leithéid in iúl don leabharlann chomh luath agus is féidir.

6. Ní féidir ach le Tuismitheoirí/Caomhnóirí/Cúramóirí leanaí faoi bhun 16 bhliain d'aois a thabhairt isteach sa leabharlann le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* agus caithfidh siad a bheith i láthair leanúnach nuair a bhíonn na leanaí sa leabharlann.

7. Má fhágtar ball *Mo Leabharlann Oscailte* le leanbh ina aonar gan éinne ina choinne, caithfidh sé iarraidh ar dhuine fásta eile a bheith i láthair agus ní mór dó dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána.

8. Caithfidh gach sárú nó gach imní maidir le cosaint leanaí a thuairisciú don Gharda Síochána; má tá imní práinneach ann, déan teagmháil le TUSLA (www.tusla.ie) nó leis an FSS (www.hse.ie) agus ní mór na hábhair imní sin a chur síos chomh maith i bhfoirm tuairimí/eachtra na leabharlainne nó a seoladh trí rPhost.

9. Ní mór do gach ball ach a chárta féin amháin a úsáid agus ní féidir leis ligean d'éinne eile a chárta a úsáid.

10. Ní mór do gach ball a chárta a svaidhpáil gach uair a thagann sé isteach sa leabharlann agus ní féidir leis dul isteach gan svaidhpáilagus é in éineacht le ball eile.

11. Tá rochtain ar fáil do chathaoireacha rothaí ar phríomhbhealach isteach na Leabharlainne; i gcás dóiteáin, imigh amach tríd an bpríomhdhoras nó tríd na doirse dóiteáin. (Tá conair an Bhealaigh Amach Éigeandála le feiceáil faoi iamh).

12. Nuair a chloistear an tAláram Dóiteáin, caithfidh gach ball an foirgneamh a fhágáil láithreach

13. Tá gach 'Ball *Mo Leabharlann Oscailte*' freagrach as a chinntiú nach gceadaítear nó nach n-éascaítear rochtain ag éinne eile ar an leabharlann agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil an doras tosaigh lándúnta tar éis dó teacht isteach agus imeacht. Tá na heisceachtaí amháin ina leith seo leagtha amach i dtéarmaí 6 agus 11.

14. Tá gach 'Ball *Mo Leabharlann Oscailte*' freagrach as a bheith feasach ar an timpeallacht agus é ag dul isteach/amach ón leabharlann agus as fanacht in aice leis an doras go dtí go bhfuil sí lándúnta.

15. Má fheictear aon snáthaid/aon ghéaróg/aon ábhar chontúirteacha i láthair, ná déan teagmháil le agus déan á thuairisciú trí baint úsáid a bhaint as an bhfoirm tuairimí/eachtraí nó trí rPhost.

16. Ní mór do gach ball guthán póca a thabhairt leis agus úsáid á bhaint as an leabharlann aige le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*. Má thagann ceist na slándála chun cinn, ba cheart an uimhir ghutháin an Chomhlacht Slándála, 0818333288, a ghlaoch nó uimhir éifeandála an Garda Síochána ag 112/999. Ba cheart don bhaill na huimhreacha seo a shábháil ar ghuthán ar a fhón póca.

17. I gcás éigeandála leighis, iarrtar ar bhaill glaoch a chur ar otharcharr [112 ó fhón póca]. Sé Eircode na Leabharlannaná A83 X920. Ba cheart do gach ball foireann an otharchairr a ligean isteach sa leabharlann agus sonraí na heachtra a chur isteachi leabhar tuairimí/eachtra na leabharlainne.

18. I gcás éigeandála éadroma leighis agus má baineadh úsáid as earraíón mbosca Garchabhrach chun cóir leighis a chur ar dhuine, bí cinnte go gcuirtear nóta ina leith síos i bhfoirm tuairimí/eachtra na leabharlainne nó rPhost a sheoladh agus bi cinnte freisin go scríofar síos aon soláthairtí liachta a úsáideadh.

19. Nuair a chláraíonn tú, ní mór duit an fhoireann a chur ar an eolas faoi aon cheist na soghluaisteachta nó na sláinte agat, m.sh. an Titimis, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar úsáid sheirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* agat.

20. Má éiríonn tú tinn sa leithreas poiblí, tabhair faoi deara go bhfuil corda aláraim ar fáill ann is féidir a tharraingt le haghaidh foláireamh a thabhairt ina leith don ghnólacht monatóireachta.

21. Siad baill *Mo Leabharlann Oscailte* atá freagrach as a gcuid earraí phearsanta féin

22. Ná cuir cáblaí, málaí, ríomhairí glúine nó línte in aon áit a bhféadfadh siad a bheith ina nguais thuisle

23. Ní cheadaítear aon bhia a thabhairt isteach sa leabharlann le linn tréimhse *Mo Leabharlann Oscailte* ach tá cead ag na baill a gcuid buidéil uisce féin a thabhairt leo le hól

24. Ní cheadaítear aon ainmhí, ach amháin madra treorach, ar an áitreabh

25. Moltar gan úsáid a bhaint as cluasáin/as gléasanna laghdaithe torainn le linn tréimhse *Mo Leabharlann Oscailte*

26. Ní mór do gach baill gnáis aslonnú éigeandála na leabharlainne a thuiscint le linn tréimhse *Mo Leabharlann Oscailte* .

27. Forchoimeádann Comhairle Contae na Mí an ceart úsáid *Mo Leabharlann Oscailte* a chur ar fionraí le linn tréimhse droch-aimsire nó i ndiaidh foláireamh aimsire géarchúiseacha go ndúnfar na foirgnimh phoiblí. Cuirfear a leithéid chinntí in iúl trí na meáin shóisialta: Suíomh Gréasáin Chomhairle Contae na Mí (www.meath.ie), X (@meathcoco ) nó ar Leathanach Facebook Chomhairle Contae na Mí

28. Áirítear, ach ní ach amháin iad, le hIompar Doghlactha agus seirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* á húsáid -

    1. Iompar bagrach nó maslach i leith custaiméirí nó baill foirne.

2. Páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht mhídhleathach (lena n-áirítear aláram bréagach a chur ar na seirbhísí éigeandála).
3. Dochar a dhéanamh do mhaoin na leabharlainne, lena n-áirítear aon trealamh éigeandála
4. Dul isteach i réimsí na leabharlainne arna marcáil le haghaish Foireann Amháin.
5. Neamhchomhlíonadh gnásanna na sláinte agus na sábháilteachta agus na ndruileanna dóiteáin.
6. Faoi thionchar alcóil nó drugaí.
7. Neamhchomhlíonadh an Achta Cóipchirt 2000
8. Úsáid táirgí tobac lena n-áirítear toitíní leictreonacha
9. Aon abhar a bhaint den leabharlann gan á sheiceáil as ar roimh ré.
10. Earraí a fhágáil gan éinne ina láthair sa leabharlann, go háirithe thar oíche.
11. Gan aslonnú i ndiaidh an córas aláraim a spreagadh nó ag deireadh tréimhse ceadaithe *Mo Leabharlann Oscailte*
12. Na córais aláraim a chur as feidhm d'aon ghnó

29. Tá Tuismitheoirí/Caomhnóirí/Cúramóirí freagrach as a chinntiú go gcloíonn a gcuid leanaí leis na polasaithe thuas agus tá siad freagrach as iompar a gcuid leanaí agus iad ag freastal ar an tseirbhís gan mhaoirseacht seo.

Cuirfear rochtain ar Sheirbhís *Mo Leabharlann Oscailte* ar fionraí d'aon bhall a sháraíonn na téarmaí agus coinníollacha seo. Siad tréimhsí na fionraíochta ná:

- 1ú Eachtra – fionraí 2 mhí
- 2ú Eachtra – fionraí 6 mhí
- 3ú Eachtra – fionraí 1 bhliain
- Is féidir úsáideoir, de rogha an Leabharlannaí Contae, a chur ar fionraí buan ón tseirbhís mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha ar na téarmaí agus coinníollacha.

Cuirfear aon bhall *Mo Leabharlann Oscailte* a sháraíonn na téarmaí agus na coinníollacha ar an eolas faoina leithéid sáraithe trí ghlao gutháin, agus seolfar litir/rPhost chuige ina dhiaidh sin ag cur in iúl dó faoin sárú agus faoin dáta óna gcuirfear an fionraí cuí i bhfeidhm. Tá 30 lá ar fáil don bhall le haghaidh achomharc a dhéanamh ar an bhfionraí. Ba chóir an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn/trí rPhost chuig an Leabharlannaí Contae.